



FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Tuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa,
*‘Measúnú an Choimisiúin ar phleananna náisiúnta
téarnaimh agus athléimneachta’*

Ábhar

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL	3
a) Réamhrá ginearálta.....	3
b) Seasamh an Choimisiúin maidir le príomhbharúlacha agus moltaí CIE.....	4
c) Na forbairtí ábhartha is déanaí agus na chéad chéimeanna eile	4
II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE	5
1. Próiseas Measúnaithe	5
2. Measúnú ar na Sé Cholún agus an Rannchuidiú chun Aghaidh a Thabhairt ar Mholtaí a Bhaineann go Sonrach le Tír faoi Leith.....	6
3. Measúnú Gan Dochar Suntasach a dhéanamh (DNSH)	6
4. Measúnú ar Rannchuidiú na mBeart leis an Aistriú Glas agus leis an Aistriú Digiteach.....	7
5. Measúnú ar Mheastacháin Chostais RRP	7
6. Próifílí eisíocaíochta.....	8
7. Measúnú ar gharspriocanna agus ar spriocanna.....	8
8. Measúnú ar chórais faireacháin agus rialaithe	10
III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR CHONCLÚIDÍ AGUS AR MHOLTAÍ CIE.....	11
1. Moladh 1 – Feabhas a chur ar nósanna imeachta measúnaithe agus doiciméadacht	11
2. Moladh 2 – Malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát a chur chun cinn.....	11
3. Moladh 3 – Bearta leantacha ar rannchuidiú na mbeart a cuireadh chun feidhme leis na moltaí a bhain go sonrach le tír faoi leith.....	12
4. Moladh 4 – Feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar fhaireachán ar an bprionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’	13
5. Moladh 5 – Sásraí fíorúcháin soiléire a áirithiú maidir le garspriocanna agus spriocanna agus a sainmhíniú leordhóthanach	14
6. Moladh 6 – Comhlíontacht le garspriocanna sonracha le haghaidh faireacháin agus rialú a fhíorú agus úsáid na huirlise mianadóireachta sonraí agus scórála riosca an Choimisiúin a mholadh.....	15

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí ón gCoimisiúin Eorpach ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

a) Réamhrá ginearálta

I mí Eanáir 2020 shroich Paindéim Covid-19 an Eoraip agus go luath ina dhiaidh sin tharla ní hamháin géarchéim sláinte ach suaití sóisialta agus eacnamaíocha ar scála mór freisin mar thoradh air sin. Ba léir go tapa nár leor gníomhaíocht aonair na mBallstát agus go dtiocfadh éagsúlacht agus rioscaí do chobhsaíocht na mBallstát aonair agus an Aontais ina iomláine as. Bhí gá le freagra práinneach ar leibhéal an Aontais chun an tionchar ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú, chun tacú leis an téarnamh ón bpaindéim agus chun athléimneacht a chothú i gcoinne suaitheadh amach anseo. Chuir an tAontas Eorpach ionstraim urghnách i bhfeidhm ar feadh tréimhse urghnách: Deartar *NextGenerationEU*, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, chun EUR 806,9 billiún sa bhreis ar bhuiséad rialta an Aontais Eorpaigh a bhailiú ar na margaí airgeadais. Astu sin rannchuidíonn EUR 83,6 billiún le REACT-EU (EUR 50,6 billiún), leis an gCiste um Aistriú Cóir (EUR 10,9 billiún) chomh maith le forbairt tuaithe, InvestEU, Fís Eorpach agus RescEU.

Is é croilár *NextGenerationEU*, an *tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta* (RRF), a eisíocfaidh suas le EUR 723,8 billiún i ndeontais agus in iasachtaí do na Ballstáit. Tháinig Rialachán RRF i bhfeidhm i mí Feabhra 2021. Níos lú ná 18 mí ina dhiaidh sin, eisíocadh níos mó ná EUR 100 billiún leis na Ballstáit, ag tacú leis an téarnamh, ag cur in aghaidh éifeachtaí na paindéime agus ag tacú le saoránaigh agus le gnólachtaí ar fud an Aontais. I bhfad thairis sin, sholáthair RRF éifeacht cobhsaithe agus léirigh sé an tábhacht a bhaineann leis an tionscadal Eorpach agus le gníomhaíocht na hEorpa i gcoitinne. Is é RRF an clár cistiúcháin de chuid an Aontais is mó riamh agus an chéad cheann dá chineál a chuireann coincheap an chistiúcháin atá bunaithe ar fheidhmíocht i bhfeidhm ar scála: seachas díriú ar chaiteachas, tá RRF nasctha go hiomlán le baint amach *torthaí* trí thagairt do gharspriocanna agus spriocanna. I gcomhthéacs RRF, déanfar íocaíochtaí nuair a bhainfidh na Ballstáit amach bearta sonracha dul chun cinn, na ‘garspriocanna’ (cáilíochtúla) agus na ‘spriocanna’ (cainníochtúla). Mar sin, is cineál nua ionstraime é RRF a éilíonn go mbunófar socrúithe oibre, rialacha, teimpléid agus próisis nua, a bhunaigh an Coimisiún níos tapa ná riamh.

Fágann Rialachán RRF gur gá go gcuirfidh gach Ballstát Plean Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP) náisiúnta aonair ar aghaidh ina leagtar amach na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a gheallann an Ballstát a chur chun feidhme. Déanann an Coimisiún measúnú ar gach RRP laistigh de 2 mhí, agus, má tá an measúnú dearfach, déanann an Coimisiún togra le haghaidh *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle* a ghlacfaidh an Chomhairle ar deireadh. I mí an Mheithimh 2021 rinne an Coimisiún measúnú ar na chéad Phleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a fuarthas i mí Aibreáin 2021, agus ghlac an Chomhairle iad i mí Iúil 2021.

Le linn na tréimhse sin, d'oibrigh an Coimisiún go réamhghníomhach leis na páirtithe uile, agus go háirithe leis na Ballstáit, chun clár oibre athchóirithe agus infheistíochta tapa agus uailmhianach a áirithiú ar fud an Aontais. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go díreach leis na Ballstáit tar éis fhoilsiú a thogra le haghaidh Rialachán RRF, chun na forálacha dlíthiúla a mhíniú agus a phlé, agus chun iad a threorú agus iad ag ullmhú a gcuid RRPanna. D'fhoilsigh an Coimisiún an chéad treoraíocht do na Ballstáit i mí Mheán Fómhair 2020, bunaithe ar an dréacht-rialachán, rud a chabhraigh leis na Ballstáit le linn dóibh a bpleananna a ullmhú. Foilsíodh treoraíocht nuashonraithe i mí Eanáir 2021, bunaithe ar théacs an Rialacháin RRF deiridh, a bhí mar bhonn eolais maidir le dréachtú deiridh na RRPanna. Sholáthair an Coimisiún treoraíocht i scríbhinn eile freisin, e.g. seicliosta féinmheasúnaithe ar chórais rialaithe, agus sholáthair sé na céadta freagraí scríofa agus go leor freagraí eile ó bhéal ar cheisteanna Ballstáit a cuireadh go déthaobhach nó i

bhformáidí na Comhairle (go háirithe i gcomhthéacs an tsainghrúpa a cruthaíodh chun na críche sin), agus malartuithe eagraithe chun comhar agus tionscadail chomhphárteacha a spreagadh.

Ghlac an Coimisiún rannpháirtíocht freisin in Idirphlé Téarnaimh agus Athléimneachta dhá uair sa mhí agus d'eagraigh sé cruinnithe níos minice den Mheitheal le Parlaimint na hEorpa chomh maith le meithleacha éagsúla na Comhairle. Chuir an Coimisiún na comhrechtóirí agus an pobal ar an eolas go críochnúil agus go rialta faoi na forbairtí ar RRF trí shuíomh gréasáin tiomnaithe, preaseisiúintí le haghaidh príomhimeachtaí, foilsiú réamhghníomhach doiciméad éagsúil ina leagtar amach a anailís – amhail Doiciméid Inmheánach Oibre mionsonraithe ina leagtar amach an measúnú do gach ceann de na RRPanna – agus d'fhoilsigh sé gach cur i láthair a soláthraíodh don Chomhairle nó don Pharlaimint.

Laistigh den Choimisiún, is sruth oibre tras-AS é RRF a thugann saineolas beartais agus saineolas cleachtais ó na seirbhísí uile le chéile.

b) Seasamh an Choimisiúin maidir le príomhbharúlacha agus moltaí CIE

Fáiltíonn an Coimisiún roimh thorthaí dearfacha CIE ar an obair measúnaithe dá chuid.

Ar fud a thuarascála, cinneann CIE go ndearna an Coimisiún obair chuimsitheach agus chríochnúil ar na critéir mheasúnaithe. Ina chuid barúlacha, cuireann CIE gnéithe i dtábhacht ina bhféadfadh an Coimisiún feabhas a chur ar a dhoiciméadacht maidir leis an bpróiseas measúnaithe, a gheallann an Coimisiún a chur chun feidhme a mhéid is féidir.

Tugann an Coimisiún dá aire freisin go n-eascaíonn cuid de na rioscaí agus de na teorainneacha a chuir CIE i dtábhacht ó dhearadh RRF féin. Mar shampla, cuireann CIE i dtábhacht roinnt neamhchinnteachtaí a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme iarbhir na mbeart RRP, rud lena bhfuil coinne mar go gclúdaíonn an t-iniúchadh seo go príomha an measúnú *ex-ante* ar na RRPanna náisiúnta. Cé go measann CIE go bhfuil measúnú an Choimisiúin críochnúil, tá na measúnuithe RRP de réir a gcineál *ex-ante* bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil an tráth a cuireadh aighneacht RRP isteach.

Glacann an Coimisiún go hiomlán nó go páirteach le moltaí uile CIE.

c) Na forbairtí ábhartha is déanaí agus na chéad chéimeanna eile

I mí na Bealtaine 2022, i ndiaidh glaonna ar ghníomhaíocht ón gComhairle Eorpach chun spleáchais ar fhuinneamh iontaise na Rúise a laghdú tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, d'fhoilsigh an Coimisiún Plean REPowerEU. Is iarracht uailmhianach é REPowerEU chun spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh. Chun é a chur chun feidhme, mhol an Coimisiún leasuithe spriocdhírithé ar an Rialachán RRF, lena n-áirítear 'caibidil REPowerEU' a chur le gach RRF. Soláthraíonn an togra maoiniú breise le haghaidh RRF freisin i bhfoirm cistí a chruinnítear trí Chúlchiste Cobhsaíochta Margaidh an Chórais Trádála Astaíochtaí agus féidearthachtaí aistrithe breise ó chlár bainistíochta comhroinnte eile de chuid an Aontais. Tá an togra á phlé ag na comhrechtóirí faoi láthair.

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. Próiseas Measúnaithe

Fáiltíonn an Coimisiún roimh thorthaí dearfacha ar phróiseas measúnaithe RRP, a dheimhníonn déine agus críochnúlacht obair an Choimisiúin, rannpháirtíocht saineolais ar fud an Choimisiúin, agus go raibh obair mheasúnaithe an Choimisiúin iomchuí.

Maidir le hinriannaitheacht measúnaithe RRP an Choimisiúin,¹ cuireann an Coimisiún an próiseas measúnaithe mór agus casta i dtábhacht: tosaíonn gach measúnú RRP le plé i bhfad roimh RRP a chur faoi bhráid go foirmiúil, agus ina dhiaidh sin beidh tréimhse mheasúnaithe fhoirmiúil 2 mhí, ar féidir a fhadú más gá. Stóráladh taifid do gach céim den phróiseas measúnaithe agus roinneadh iad le CIE. Baineann gach measúnú RRP le meánlín 90 leasú agus infheistíocht faoi leith, agus féadfar go n-éileofaí rannpháirtíocht saineolaithe éagsúla ón gCoimisiún i ngach ceann díobh. Bíonn croíghoireann tíortha i gceist leis an measúnú, mar a chuireann CIE i dtábhacht, a raibh malartú á dhéanamh aici go laethúil le húdarais na mBallstát agus le saineolaithe ar fud an Choimisiúin.

Tá measúnú RRP sa deireadh bunaithe ar na mílte doiciméad agus malartuithe. Áirithíonn an Coimisiún próiseas críochnúil agus coinníonn sé súil ar na rannchuidithe ábhartha uile. Tá saintréith dhinimiciúil ag an measúnú mar le linn na tréimhse measúnaithe iarrann an Coimisiún faisnéis bhreise agus féadfaidh an Ballstát a phlean a athbhreithniú más gá.

A mhéid a bhaineann le treoraíocht agus le próiseas caighdeánaithe², d'fhorbair an Coimisiún treoraíocht chuimsitheach ar an bpróiseas measúnaithe RRP. Mar sin féin, measann an Coimisiún nach bhfuil cur chuige bunaithe ar sheicliosta indéanta i bhfianaise chineál cáilíochtúil an mheasúnaithe agus éagsúlachta na RRPanna agus na mbeart iontu.

Maidir le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit,³ rinne an Coimisiún iarrachtaí suntasacha treoraíocht luath, shoiléir agus chuimsitheach a sholáthar, in éineacht le grinntacaíocht ar leith le haghaidh gach Ballstáit. Go háirithe, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá dhoiciméad treoraíochta mhionsonraithe maidir le RRP a dhréachtú, ceann amháin a foilsíodh ar bhonn dréachta den Rialachán i mí Mheán Fómhair 2020, an dara ceann ar bhonn an téacs dhlíthiúil deiridh i mí Eanáir 2021. Eagraíodh oiliúint ar feadh an lae leis na Ballstáit uile tar éis treoir dhoiciméad Eanáir 2021 a fhoilsiú. Bíonn idirphlé déthaobhach rialta ar siúl le gach Ballstát ó fhómhar 2020 ar a laghad agus sholáthair an Coimisiún treoraíocht chothrománach agus d'fhreagair sé ceisteanna trí ríomhphost, trí shuíomh gréasáin tiomnaithe ceisteanna agus freagraí agus i ngach formáid a bhí ar fáil ón gComhairle. Tá sineirgí cothaithe ag an gCoimisiún freisin i measc RRPanna trí thionscadail shuaitheanta agus trí na Ballstáit a spreagadh chun bearta comhphárteacha a thuar, amhail rannchuidiú le *Tionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI)*, a cuireadh san áireamh i roinnt pleananna.

¹ Féach mír 33 de thuarascáil speisialta CIE.

² Féach mír 31 go mír 33 de thuarascáil speisialta CIE.

³ Féach mír 34 go mír 39 de thuarascáil speisialta CIE.

2. Measúnú ar na Sé Cholún agus an Rannchuidiú chun Aghaidh a Thabhairt ar Mholtaí a Bhaineann go Sonrach le Tír faoi Leith

Cuireann CIE i dtábhacht go ndearna an Coimisiún measúnú críochnúil ar rannchuidiú gach RRP leis na sé cholún den Rialachán RRF agus leis na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith. Deimhníonn CIE freisin measúnú an Choimisiúin ar na sé cholún agus ar na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith do na sé Bhallstát sa sampla dá chuid.

A mhéid a bhaineann le ranníocaíocht RRPanna leis na sé cholún⁴, cuireann an Coimisiún i dtábhacht nárbh é ranníocaíocht na gcostas measta leis na colúin an t-aon bhreithniú agus measúnú á dhéanamh an bhfuil an ranníocaíocht leis na sé cholún cothromaithe. Tá RRF beartaithe chun tacú le hinfheistíochtaí chomh maith le hathchóirithe, agus ní bhaineann aon chostais dhíreacha leis na hathchóirithe go minic. Dá mbeadh an measúnú comhardaithe bunaithe ag an gCoimisiún ar an gcostas measta amháin, bheadh tionchar na n-athchóirithe sa mheasúnú seo caillte aige. Tá measúnú an Choimisiúin i gcomhréir go hiomlán leis an gcritéar measúnaithe dá bhforáiltear sa Rialachán RRF, lena gceanglaítear go léireoidh an plean freagra cuimsitheach cothromaithe ar staid eacnamaíoch agus shóisialta an Bhallstáit, gan tagairt a dhéanamh d'aon chostas measta (contrártha don chritéir maidir le spriocanna glasa agus digiteacha). Cuireann an Coimisiún i dtábhacht freisin, i gcomhréir leis an Rialachán, go soláthraíonn an tuairisciú dá chuid ar an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta meastachán ar sciar an chaiteachais a rannchuidíonn le gach colún.

A mhéid a bhaineann le rannchuidiú RRPanna chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a bhain go sonrach le tír faoi leith,⁵ deimhníonn CIE measúnú an Choimisiúin. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhforáiltear go sainráite le Rialachán RRF freisin nach mór aghaidh a thabhairt ar 'fhothacar iomlán nó ar fhothacar suntasach' de na moltaí ábhartha a bhain go sonrach le tír faoi leith, ag cur san áireamh freisin an ranníocaíocht airgeadais agus (i gcás inarb ábhartha) an iasacht a iarradh. Dá réir sin, roghnaigh roinnt Ballstát, go hiomlán i gcomhréir le Rialachán RRF, aghaidh a thabhairt ar fhothacar suntasach de na moltaí ábhartha a bhain go sonrach le tír faoi leith laistigh de RRP. Creideann an Coimisiún go gcuireann an measúnú dá chuid é sin i láthair go trédhearcach.

3. Measúnú Gan Dochar Suntasach a dhéanamh (DNSH)

Chinn ECA gur áirithigh an Coimisiún gur thug seicliostaí na mBallstát maidir le gan dochar suntasach a dhéanamh (DNSH) aghaidh ar na cuspoirí comhshaoil, agus gur iarr an Coimisiún faisnéis bhreise i bhformhór na gcásanna, gur éiligh sé bearta maolaitheacha má bhí gá leo agus gur éiligh sé bearta nach gcomhlíonann DNSH a bhaint de RRPanna. Léiríonn torthaí CIE gur dhearbhaigh an Coimisiún measúnú cuimsitheach agus éifeachtach DNSH, a mbeadh eisiamh nó modhnú beart mar thoradh air, de réir mar ab iomchuí.

Maidir le rogha na mBallstát bearta a eisiatar ó na RRPanna a chur chun feidhme trí chistí náisiúnta,⁶ cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil a mheasúnú teoranta do na bearta sin a áirítear in RRP. Ní dhéantar foráil le Rialachán RRF an ceart nó an deis a bhronnadh ar an

⁴ Féach mír 44 de thuarascáil speisialta CIE.

⁵ Féach míreanna 48-53 de thuarascáil speisialta CIE.

⁶ Féach mír 58 de thuarascáil speisialta CIE.

gCoimisiún oibleagáid a chur ar na Ballstáit DNSH a urramú maidir le bearta nach mbaineann le RRP.

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach bhfuil gá le cainníochtú an tionchair fhéideartha ar na seicliostaí DNSH⁷, agus nach mbeadh sé fiúntach nó fiú indéanta do na Ballstáit. Ní chreideann an Coimisiún gur fhág easpa cainníochtaithe gur dheacair measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh DNSH, agus ní fheiceann sé aon réasúnaíocht ná fianaise ar cén fáth a mbeadh breisluach mór ag baint le cainníochtú den sórt sin thar na tuairiscí agus na mínithe cáilíochtúla den chuid is mó atá ann faoi láthair.

Maidir le bearta maolaitheacha,⁸ tugann an Coimisiún dá aire, i gcás inar gá, go bhfuil sé beartaithe aige go n-áireofaí iad sin sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena bhforáiltear dá bhrí sin oibleagáid dhlíthiúil nach mór do na Ballstáit a chomhlíonadh agus a ndéanfaidh an Coimisiún measúnú uirthi tráth a chuirtear iarraidh ar íocaíocht isteach don gharsprioc ábhartha nó don sprioc ábhartha. Lena n-áirítear gach beart maolaithe mar cheanglas atá le comhlíonadh, e.g. fiú nuair a bhí muinín iomlán ann as a gcur chun feidhme, bheadh ualach riaracháin iomarcach gan ghá mar thoradh air.

4. Measúnú ar Rannchuidiú na mBeart leis an Aistriú Glas agus leis an Aistriú Digiteach

Fáiltíonn an Coimisiún roimh thorthaí CIE a dheimhníonn gur áirithigh an Coimisiún measúnú críochnúil ar rannchuidiú RRPanna leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Sann an Ballstát clib aeráide agus clib dhigiteach do gach beart ábhartha, rud a fhóraigh an Coimisiún. I gcás inar gá, mhol an Coimisiún ceartúcháin nó d'iarr sé go gcuirfí na clibeanna aeráide agus digiteacha i bhfeidhm ar bhealach níos grinne ar na 'fobhearta' ábhartha amháin.

5. Measúnú ar Mheastacháin Chostais RRP

I gcomhthéacs RRF, déantar measúnú *ex-ante* ar chostas measta birt, chun costas foriomlán RRP a chinneadh. An bonn chun an leithdháileadh iomlán nó níos lú ná an t-uasmhéid den leithdháileadh airgeadais iomlán a leithdháileadh ar RRP an Bhallstáit a bheidh mar thoradh air sin de réir a chéile. I gcomhréir le loighic na hionstraime atá bunaithe ar fheidhmíocht, ní bhíonn tionchar díreach ag na meastacháin chostais ar íocaíochtaí níos déanaí. Chinntigh an Coimisiún, áfach, go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil do na meastacháin chostais ailínithe leis an leibhéal uailmhéine a bhfuiltear ag súil leis maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara, e.g. má sholáthair an meastachán costais líon míreanna ionchasacha (e.g. grianphainéil) le cur i gcrích, leis sin cuireadh eolas ar fáil do na spriocanna a leagadh síos le haghaidh an bhirt seo (e.g. an toilleadh gréine atá le suiteáil).

A mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta,⁹ fáiltíonn an Coimisiún roimh thorthaí CIE gur chuir an Coimisiún critéir an Rialacháin agus a threoraíocht inmheánach féin maidir le measúnú a dhéanamh ar chostas beart i bhfeidhm go docht. D'áirithigh an Coimisiún cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gcritéar agus, chun déileáil chóir a áirithiú, leag sé amach modheolaíocht shoiléir chun an rátáil fhoriomlán le haghaidh an chritéir costála do gach RRP a bhunú. Tugann an Coimisiún dá aire go gcinneann CIE go bhféadfadh na ceanglais chun rátáil 'A' a bhaint amach

⁷ Féach mír 60 de thuarascáil speisialta CIE.

⁸ Féach mír 61 de thuarascáil speisialta CIE.

⁹ Féach mír 69 de thuarascáil speisialta CIE.

(réasúntacht ard agus dealraitheacht an mheastacháin costais) a bheith réasúnta uailmhianach, agus dá réir sin nár sannadh rátáil den sórt sin ar aon cheann de na RRPanna a ndearnadh measúnú orthu go dtí seo. Mar sin, tá rátáil 'B' faighte ag gach RRP, a aontaíonn CIE a bheith iomchuí.

Ní mheasann an Coimisiún, áfach, go raibh an critéir dá chuid chun rátáil 'C' a shannadh (réasúntacht íseal agus dealraitheacht an mheastacháin costais) 'íseal'. Faigheann RRP lena mbaineann rátáil 'C' measúnú diúltach agus ní féidir é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena ghlacadh. Ceanglaítear le Rialachán RRF go 'ngníomhóidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis an mBallstát lena mbaineann' dá mheasúnú. Dá réir sin, d'éiligh an Coimisiún ar gach Ballstát feabhas a chur ar a mheastacháin chostais agus fianaise bhreise agus údar a chur isteach go dtí gur bhain dealraitheacht agus réasúntacht an mheastacháin costais 'B' ar a laghad amach (réasúntacht mheánach agus dealraitheacht an mheastacháin costais). Deimhníonn an CIE go deimhin go bhfuil 'faisnéis bhreise iarrtha ag an gCoimisiún de réir mar is gá' agus go bhfuil 'faisnéis faighte chun na costais mheasta a fhíorú' agus i gcás nach bhfuair sé an fhaisnéis sin, bunaítear é seo go trédhearcach ina mheasúnú agus ina rátálacha.

6. Próifíl eisíocaíochta

A mhéid a bhaineann le conas a socraíodh na próifílí eisíocaíochta¹⁰ – i.e. an méid a leithdháileadh ar gach tacar garspíocanna agus spíocanna – i gcomhréir le cineál feidhmíocht-bhunaithe RRF ní féidir méid na n-eisíocaíochtaí a nascadh le costais iarbhír a tabhaíodh. Le Rialachán RRF leagtar amach go soiléir an mhodheolaíocht chun an leithdháileadh foriomlán in aghaidh an Bhallstáit a chinneadh, atá déanta ag an gCoimisiún ar bhealach trédhearcach agus cóir. Ní sholáthraíonn an Rialachán RRF modheolaíocht, áfach, chun an phróifíl eisíocaíochta shonrach a shocrú, a nascann méid eisíocaíochta sonrach le tacar sonrach garspíocanna agus spíocanna atá le baint amach. I gcomhréir leis an gceanglas gníomhú 'i ndlúthchomhar leis an mBallstát lena mbaineann', phléigh an Coimisiún an phróifíl eisíocaíochta le gach Ballstát bunaithe ar thogra ón mBallstát sin. Léiríonn an phróifíl eisíocaíochta a mholann an Coimisiún don Chomhairle, agus a chinneadh an Chomhairle ar deireadh, roinnt tosca, lena n-áirítear na riachtanais airgeadais náisiúnta agus pleanáil bhuiséadach, agus cion na ngarspíocanna agus na spíocanna i ngach tráthchuid chomh maith lena dtábhacht choibhneasta.

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach gcuireann an phróifíl eisíocaíochta srian leis an gcaoi a gcinntear aon mhéideanna de pháirtíocaíocht níos déanaí, nach mór a bheith comhréireach le feidhmíocht an Bhallstáit. Dá bhrí sin ní mheasann an Coimisiún go bhféadfadh an cur chuige a ndéantar cur síos air thuas go mbeadh sé deacair laghdú comhréireach a chinneadh i gcás inar gá.

7. Measúnú ar gharspíocanna agus ar spíocanna

Cinneann CIE go raibh measúnú an Choimisiúin ar na garspíocanna agus ar na spíocanna cuimsitheach. Tugann CIE dá haire gur tháinig tuairiscí níos soiléire ar na garspíocanna agus ar na spíocanna, i gcomparáid leis na cinn a mhol na Ballstáit ar dtús, agus foclaíocht níos beachte mar thoradh ar an bpróiseas. I gcás inarb ábhartha, comhdhlúthaíodh na garspíocanna agus na spíocanna nó rinneadh níos mionsonraithe iad i gcomparáid leis an togra tosaigh ón mBallstát, rud a áiríthíonn go gcumhdaítear céimeanna éagsúla cur chun feidhme agus líon inláimhseáilte foriomlán.

¹⁰ Féach míreanna 73-76 de thuarascáil speisialta CIE.

Maidir leis an rian doiciméadachta ar an measúnú ar garspriocanna agus ar spriocanna,¹¹ bhí an Coimisiún in ann rianta doiciméadachta oiriúnacha agus fairsinge dá mheasúnú a léiriú. Ar an meán, tá níos mó ná 200 garsprioc agus sprioc i ngach RRP deiridh, agus 325 garsprioc agus sprioc deiridh do na sé Bhallstát i sampla CIE (roghnaithe ar bhonn mhéid an RRP). I gcásanna áirithe, bhí na mílte garspriocanna agus spriocanna féideartha sna tograí tosaigh ó na Ballstáit.

Maidir le cineál an mheasúnaithe,¹² tugann an Coimisiún dá aire gur chuir sé measúnú cáilíochtúil i bhfeidhm de réir chaighdeáin an Rialacháin RRF seachas measúnú comparáideach. D'áirithigh an Coimisiún dréachtú comhsheasmhach garspriocanna agus spriocanna ar fud CID trí threoirlínte agus seiceálacha inmheánacha ag dhá aonad chothrománacha, ach tugann sé dá aire nach ndéantar foráil maidir le measúnú comparáideach sa Rialachán RRF. Ba cheart RRF náisiúnta, mar a fhoráiltear leis an Rialachán RRF, a thomhas de réir na gcaighdeán a leagtar síos leis an Rialachán seachas é a mheasúnú i gcomparáid le RRF eile a léiríonn leithdháileadh airgeadais éagsúil agus dúshláin agus tosaíochtaí éagsúla.

Maidir le clúdach na bpríomhchéimeanna maidir le cur chun feidhme gach athchóirithe agus infheistíochta le garsprioc nó sprioc¹³, tugann an Coimisiún dá aire nach bhforáiltear leis an Rialachán RRF aon cheanglas den sórt sin. Cé go ndearna an Coimisiún sár-iarracht, trína chaighdeáin inmheánacha, cumhdach maith a dhearbhu, dá mbeadh cumhdach foriomlán ar gach príomhchéim de gach beart bheadh líon iomarcach garspriocanna agus spriocanna mar thoradh air. Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an tábhacht chéanna ag príomhchéim chur chun feidhme infheistíochta bige nó athchóirithe nach bhfuil chomh suntasach agus atá ag infheistíocht mhór nó athchóiriú níos suntasaí. Creideann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil údar leis an gcumhdach deiridh agus go n-aimsítear cothromaíocht idir dul chun cinn tábhachtach a thomhas agus ualach tuairiscithe foriomlán inbhainistithe. Chuir an Coimisiún caighdeáin ghinearálta i bhfeidhm freisin, amhail go bhfuil garsprioc maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha ag gach athchóiriú reachtach, agus go ginearálta go gcumhdaítear infheistíochtaí le sprioc aschuir deiridh.

Maidir leis an dáta deiridh, Lúnasa 2026,¹⁴ tugann an Coimisiún dá aire go n-éilítear obair ullmhúcháin fhada le hathchóirithe agus le hinfeistíochtaí i gcásanna áirithe agus gur próiseas fadálach é sin chun iad a chur chun feidhme, agus nach raibh na Ballstáit in ann gealltanas a thabhairt i ngach cás go mbeadh an cur chun feidhme curtha i gcrích faoi mhí Lúnasa 2026. Mar shampla, d'fhéadfadh bearta móra lena gceanglaítear comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara nó measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol cúpla bliain oibre ullmhúcháin a ghlacadh. Dá ndéanfadh an Coimisiún na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe uile ag a bhfuil amlíne cur chun feidhme a d'fhéadfadh dul thar mhí Lúnasa 2026 a eisiáimh, dhéanfaí go leor infheistíochtaí mórskála a eisiáimh ó RRPanna mar thoradh air sin.

A mhéid a bhaineann leis na garspriocanna agus na spriocanna sonracha do gach RRP,¹⁵ tugann an Coimisiún dá aire nach mór do na Ballstáit garspriocanna agus spriocanna a mholadh ar dtús agus, dá bhrí sin, cleachtais riaracháin náisiúnta a léiriú. D'áirithigh an Coimisiún cur chuige aonfhoirmeach i leith na gceanglas atá le comhlíonadh ag na Ballstáit agus leanfaidh sé ar aghaidh ag áirithiú go gcaitear le measúnú ar iarrataí íocaíochta ar an gcaoi chéanna. Go háirithe, i gcás ina n-áirítear gné chainníochtúil mar chuid de garsprioc, tá coinne leis go ndéanfar measúnú ar cheanglas den sórt sin le linn phróiseáil na hiarrata ar íocaíocht

¹¹ Féach mír 81 de thuarascáil speisialta CIE.

¹² Féach mír 81 de thuarascáil speisialta CIE.

¹³ Féach míreanna 83-84 de thuarascáil speisialta CIE.

¹⁴ Féach míreanna 85-86 de thuarascáil speisialta CIE.

¹⁵ Féach míreanna 90-93 de thuarascáil speisialta CIE.

8. Measúnú ar chórais faireacháin agus rialaithe

Fáiltíonn an Coimisiún roimh thorthaí dearfacha CIE a chuireann i dtábhacht measúnú cuimsitheach agus críochnúil ar na córais rialaithe a chuir na Ballstáit i bhfeidhm. D'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise de réir mar ba ghá agus, i gcás inar gá, d'áitigh sé go ndéanfaí athchóirithe breise agus garspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha, chun a áirithiú go bhfuil córais rialaithe iomchuí go hiomlán i bhfeidhm.

Maidir le cineál an mheasúnaithe ar chórais rialaithe faireacháin mar mheasúnú *ex-ante*,¹⁶ déantar foráil go sainráite i Rialachán RRF maidir le measúnú *ex-ante*. Chomh maith le gach cuid eile den mheasúnú RRP, déantar measúnú ar an gcritéar rialaithe dá bhrí sin bunaithe ar na córais mar a thuairiscítear in RRPanna. Mar sin féin, d'áirithigh an Coimisiún go ndéanfaí measúnú críochnúil ar na córais mar a dtugann na Ballstáit tuairisc orthu, a raibh codanna díobh i bhfeidhm go minic cheana. I ngach cás, pléadh an córas rialaithe go domhain leis an mBallstát agus d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise agus gealltanais i scríbhinn maidir le sainghnéithe tábhachtacha sonracha na gcóras rialaithe do gach Ballstát, lena n-áirithítear measúnú críochnúil a bhfuil bunús maith leis.

Ní chreideann an Coimisiún¹⁷ go dtugann an measúnú ar chórais rialaithe *roimh* a gcur chun feidhme (a bheartaítear go sainráite i Rialachán RRF mar a leagtar amach thuas) rioscaí le fios le haghaidh leasanna airgeadais an Aontais. Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil cistí RRF le cur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlí náisiúnta in aon chás agus is iad na Ballstáit atá freagrach as leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. I gcás ina bhfuil Ballstát ag sárú a chuid oibleagáidí, féadfaidh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais a laghdú agus cistí a chur ar fionraí nó a aisghabháil suas le 100 % den leithdháileadh airgeadais nó den tacaíocht iasachta más gá. Dá bhrí sin, in aon chás is féidir leis an gCoimisiún beart a dhéanamh dá dteipfeadh ar Bhallstát córais rialaithe iomchuí a chur chun feidhme. Ar an dara dul síos, déantar cineál *ex-ante* an mheasúnaithe ar an gcóras rialaithe dá bhforáiltear leis an Rialachán RRF a chur chun feidhme mar an gcéanna le haghaidh cláir eile de chuid an Aontais, i gcás ina ndéantar córais a mheasúnú sula gcuirtear chun feidhme (go hiomlán) iad.

Maidir leis na garspriocanna breise a comhaontaíodh le haghaidh córais rialaithe,¹⁸ cuireann an Coimisiún i dtábhacht go mbaineann garspriocanna breise den sórt sin le gnéithe den chóras rialaithe ar féidir iad a neartú ach nach gcruthaíonn siad amhras faoi leordhóthanacht na gcóras rialaithe mar a leagtar amach sna pleananna. Foráiltear go sainráite i Rialachán RRF go bhféadfaidh an Coimisiún bearta breise den sórt sin a mholadh. Ní mór iad a chomhlíonadh don chéad íocaíocht agus ní haon riosca iad dá bhrí sin, ach ráthaíocht bhreise le haghaidh chur chun feidhme ceart na gcóras rialaithe.

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil sé tiomanta d'iniúchtaí ar chórais a chur chun feidhme, agus go bhfuil sé tar éis tosú air sin a dhéanamh, chun a áirithiú go gcomhlíonann córais rialaithe náisiúnta ceanglais Rialacháin RRF agus na príomhcheanglais a leagtar amach sa chomhaontú maoiniúcháin arna shíniú le gach Ballstát. Dá bhrí sin, cé gur gá an measúnú RRP a bheith *ex-ante*, tá an Coimisiún ag áirithiú go bhfuil córais rialaithe iomchuí i bhfeidhm ag gach Ballstát le linn an chur chun feidhme.

¹⁶ Féach míreanna 103-104 agus 106-111 de thuarascáil speisialta CIE.

¹⁷ Féach mír 111 de thuarascáil speisialta CIE.

¹⁸ Féach mír 111 de thuarascáil speisialta CIE.

III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR CHONCLÚIDÍ AGUS AR MHOLTAÍ CIE

1. Moladh 1 – Feabhas a chur ar nósanna imeachta measúnaithe agus doiciméadacht

Ba cheart don Choimisiún:

- (a) *tuilleadh feabhais a chur ar an nós imeachta maidir le measúnuithe amach anseo chun a áirithiú go leantar gach céim den phróiseas agus go ndéantar codanna cáilíochtúla den mheasúnú a mheas go hiomlán;*

Spriocdháta cur chun feidhme CIE: le haqhaidh aon mheasúnú sa todhchaí.

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.

Tá treoraíocht mhionsonraithe, teimpléid agus nósanna imeachta inmheánacha tugtha isteach ag an gCoimisiún cheana féin. Aontaíonn an Coimisiún leanúint ar aghaidh ag oiriúnú a threoraíochta agus a nósanna imeachta.

Tugann an Coimisiún dá aire agus fáiltíonn sé roimh chonclúid CIE¹⁹ ‘go raibh measúnú an Choimisiúin ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta iomchuí ar an iomlán i bhfianaise chastacht an phróisis agus na srianta ama’ agus ‘gur bhainistigh an Coimisiún an próiseas measúnaithe go héifeachtach.’ Tá iarracht shuntasach déanta ag an gCoimisiún próiseas measúnaithe críochnúil, cóir, trédhearcach agus comhsheasmhach a áirithiú, a chumhdaíonn i bhfad níos mó ná ceanglais Rialacháin RRF. Is féidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, glacadh leis go leanfar de phróiseas caighdeánaithe agus cothrom a áirithiú, ach feiceann sé raon feidhme teoranta chun an próiseas atá ann faoi láthair a chaighdeánú *a thuilleadh*.

- (b) *a áirithiú go bhfuil doiciméadú an mheasúnaithe deiridh agus na cúiseanna a tháinig as sin doiciméadaithe go maith agus príomhdhoiciméid inrianaithe go héasca chun trédhearcacht agus éifeachtúlacht an phróisis a mhéadú.*

Spriocdháta cur chun feidhme CIE: le haqhaidh aon mheasúnú sa todhchaí.

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.

2. Moladh 2 – Malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát a chur chun cinn

Chun malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát a chur chun cinn le linn chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, ba cheart don Choimisiún

¹⁹ Féach mír 112 de thuarascáil speisialta CIE.

malartú tuairimí a éascú go réamhghníomhach idir údaráis na mBallstát ar ábhair leasa choitinn iad.

Spriocdháta cur chun feidhme CIE: le linn chur chun feidhme RRPanna.

Glacann an Coimisiún leis an moladh, agus é á thabhairt ar aird go bhfuil malartú den sórt sin á chur chun feidhme cheana féin trí chruinnithe rialta saineolaithe neamhfhoirmiúla a eagrú. I gcás malartuithe téamacha sonracha, tá ionstraimí amhail an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus meithleacha téamacha nó earnála ar fáil cheana féin agus bíonn cruinnithe rialta acu, agus pléitear bearta RRP freisin. Tosaíodh malartú dea-chleachtas den sórt sin cheana agus cuirfear chun feidhme go leanúnach é.

3. Moladh 3 – Bearta leantacha ar rannchuidiú na mbeart a cuireadh chun feidhme leis na moltaí a bhain go sonrach le tír faoi leith

Le linn chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, ba cheart don Choimisiún:

- (a) *an tuairisciú ar dhul chun cinn maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a ailíniú leis an tuairisciú i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh chun a áirithiú go ndéanfar bearta leantacha leordhóthanacha as na moltaí uile a bhain go sonrach le tír faoi leith, lena n-áirítear na cinn nach dtugtar aghaidh orthu go díreach sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta;*

Spriocdháta cur chun feidhme CIE: amhail ó 2022.

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.

Tá bearta leantacha á ndéanamh ar mholtaí a bhain go sonrach le tír faoi leith i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus ailínítear tuairisciú an tSeimeastair le RRF.

- (b) *i gcreat tuairiscithe an tSeimeastair Eorpaigh atá ann cheana féin, faisnéis a sholáthar maidir leis an méid atá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag rannchuidiú le moltaí a bhain go sonrach le tír faoi leith a chur chun feidhme.*

Spriocdháta cur chun feidhme CIE: amhail ó 2022.

Glacann an Coimisiún leis an moladh agus thosaigh sé ar a chur chun feidhme.

Tuairiscíonn na Ballstáit mar chuid den tuairisciú seimeastair rialta freisin ar chur chun feidhme na mbeart RRP ábhartha, agus cuireann an Coimisiún an dul chun cinn maidir le bearta RRPanna ábhartha san áireamh ina dhoiciméid seimeastair. Rinneadh nasc idir an córas TF a úsáideann na Ballstáit chun tuairisc a thabhairt ar na moltaí gaolmhara a bhain go sonrach le tír faoi leith, agus an córas TF a úsáideann na Ballstáit chun tuairisc a thabhairt ar na RRPanna, chun tuairisciú leordhóthanach a áirithiú agus chun dúbailt oibre na mBallstát a sheachaint. Rinneadh gach beart

RRP a chlibeáil chuig moladh gaolmhara ábhartha amháin nó níos mó a bhain go sonrach le tír faoi leith a dhírítear chuig an mBallstát.

A mhéid a bhaineann le conclúid CIE ‘nár tugadh aghaidh ar roinnt gnéithe tábhachtacha de mholtaí a bhain go sonrach le tír faoi leith fós agus go raibh bearnaí i gcumhdach mholtaí 2019 a bhain go sonrach le tír faoi leith go háirithe,²⁰ tagraíonn an Coimisiún dá bharúlacha thuas agus cuireann sé i dtábhacht nach mór do gach RRP aghaidh a thabhairt ar gach moladh ábhartha a bhain go sonrach le tír faoi leith nó ‘fothacar suntasach’ díobh, ar gá iad a mheas ar bhealach cáilíochtúil, go háirithe i bhfianaise an leithdháilte airgeadais agus (i gcás inarb ábhartha) na hiasachta a iarradh, beart eile a bheartaítear a chur chun feidhme lasmuigh den RRF, nó na moltaí a eisíodh.

4. Moladh 4 – Feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar fhaireachán ar an bprionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’

Ba cheart don Choimisiún:

- (a) *iarraidh ar na Ballstáit meastachán cainníochtúil a sholáthar, aon uair is ábhartha, ar an tionchar comhshaoil a bheidh ag bearta le haghaidh féinmheasúnuithe sa todhchaí ar an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus má sholáthraítear, é sin a chur san áireamh sa mheasúnú;*

Spriocdháta cur chun feidhme CIE: le haghaidh aon mheasúnú sa todhchaí.

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.

Tugann an Coimisiún dá aire i ndáil leis an gconclúid²¹ agus an moladh nach gceanglaítear leis an Rialachán cainníochtú ar thionchar comhshaoil den sórt sin. Mar sin féin, aontaíonn an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit measúnú cainníochtúil a sholáthar, aon uair is ábhartha. Nuair a sholáthraítear cainníochtú den sórt sin déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a mheas ina mheasúnú ar chomhlíonadh leis an bprionsabal DNSH. Tugann an Coimisiún dá aire nach féidir feidhm a bheith aige seo ach maidir le haighneachtaí RRF sa todhchaí.

- (b) *bearta maolaitheacha a áireamh i ngarspriocanna agus i spriocanna, i gcás ina meastar go bhfuil siad ábhartha maidir le measúnú dearfach a dhéanamh ar an mbeart maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, agus seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha atá san áireamh sna garspriocanna agus sna spriocanna sin le linn an chur chun feidhme.*

Spriocdháta cur chun feidhme CIE: le haghaidh aon mheasúnú sa todhchaí agus amhail ó 2022.

Glacann an Coimisiún **go páirteach** leis an bhfomholadh sin.

²⁰ Féach mír 116 de thuarascáil speisialta CIE.

²¹ Féach mír 117 de thuarascáil speisialta CIE.

Maidir leis an gconclúid agus leis an moladh araon, cuireann an Coimisiún i dtábhacht gur cuireadh ceanglais den sórt sin san áireamh cheana féin mar chuid de gharsprioc nó de sprioc aon uair a measadh go raibh na ceanglais sin riachtanach chun comhlíontacht an bhirt le prionsabal DNSH a áirithiú. Dá ndéanfaí cur chuige ginearálta chun gach beart maolaithe a áireamh mar chuid de gharsprioc nó de sprioc (nó mar bheart maolaithe féin) (fiú mura bhfuil coinne leis cheana féin go ndéanfaidh cur chun feidhme birt den phlean dochar suntasach), d'eascródh iarracht shuntasach riaracháin as le haghaidh bearta a measúnaíodh cheana mar bhearta lena bhfuil coinne nach ndéanfar dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil, i gcomhréir le critéar measúnaithe an Rialacháin RRF faoi seach.

Dá bhrí sin, aontaíonn an Coimisiún leanúint de bhearta maolaitheacha a áireamh mar chuid de gharspriocanna agus de spriocanna, do na cásanna sin nach dtugann an anailís *ex-ante* DNSH ráthaíocht leordhóthanach maidir leis an gcomhlíontacht leis an bprionsabal DNSH, agus ní mór gnéithe áirithe a fhíorú le linn na céime cur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíontar prionsabal DNSH. Measann an Coimisiún, áfach, nach bhfuil sé indéanta na bearta maolaitheacha *uile* a cuireadh san áireamh i bhféinmheasúnú an Bhallstáit nó a measadh sa mheasúnú a chur san áireamh go córasach. Comhaontaíonn an Coimisiún freisin measúnú a dhéanamh ar cibé acu ar chomhlíon an Ballstát na coinníollacha sin a áirítear sna garspriocanna agus sna spriocanna nuair a chuirtear iarraidh ar iocaíocht lena n-áirítear an gharsprioc nó an sprioc shonrach sin isteach.

5. Moladh 5 – Sásraí fíorúcháin soiléire a áirithiú maidir le garspriocanna agus spriocanna agus a sainmhíniú leordhóthanach

Ba cheart don Choimisiún:

(a) sásraí fíorúcháin soiléire a áireamh sa socrú oibriúcháin maidir le garspriocanna agus spriocanna, chun ceadú do mheasúnú gan débhrí a dhéanamh ar a gcomhlíontacht;

Spricodhata cur chun feidhme CIE: lár 2023.

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.

(b) a áirithiú go sainmhínítear garspriocanna agus spriocanna go leordhóthanach, go háirithe go bhfuil siad soiléir go leormhaith, go léiríonn siad príomhchéimeanna cur chun feidhme agus go sainmhínítear iad go comhsheasmhach ar fud na mBallstát, agus sonraíochtaí gach plean téarnaimh agus athléimneachta á n-urramú ag an tráth céanna.

Spricodhata cur chun feidhme CIE: le haghaidh aon mheasúnú sa todhchaí.

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.

Tugann an Coimisiún dá aire, mar sin féin, maidir leis an bhfomholadh agus leis an gconclúid²² nach ndeartar garspriocanna agus spriocanna le bheith inchomparáide ach chun dul chun cinn

²² Féach mír 119 de thuarascáil speisialta CIE.

maidir le hathchóiriú sonracha nó infheistíocht shonrach a chur chun feidhme i mBallstát ar leith a thomhas. D'fhéadfadh siad, dá bhrí sin, a bheith éagsúil ar fud na mBallstát.

6. Moladh 6 – Comhlíontacht le garspriocanna sonracha le haghaidh faireacháin agus rialú a fhíorú agus úsáid na huirlise mianadóireachta sonraí agus scórála riosca an Choimisiúin a mholadh

Ba cheart don Choimisiún:

(a) grinnscrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil agus ar chur chun feidhme tráthúil na ngarspriocanna sonracha a bhaineann le córais faireacháin agus rialaithe;

(b) na Ballstáit uile a spreagadh chun uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca an Choimisiúin a úsáid.

Spriocdháta cur chun feidhme CIE i gcás an dá cheann: deireadh 2023.

Glacann an Coimisiún leis an dá fhomholadh.